# Deontas Mionoibreacha Covid a úsáid faoi chomhair Oibreacha Tógála Caipitil

(An nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo: Lúnasa 2025)

## 1. Réamhrá

Faoin Deontas Mionoibreacha Covid, tá scóip ann airgead a chaitheamh ar oibreacha caipitil ar áitreabh na scoile. Níor cheart an caiteachas seo a fhaightear a léiriú mar shócmhainní seasta i gclár comhardaithe chuntais an bhoird ach ba cheart é a aistriú chuig Caipiteal & Cúlchistí.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, ar chaitheamh an deontais agus ar aon iarmhéid nár caitheadh.

### 2.1 Nuair a fhaightear an t-ioncam deontais

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Deontas Mionoibreacha COVID a fháil | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2169 | Deontas Mionoibreacha COVID gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

**2.2 Cásanna inar úsáideadh Deontas Mionoibreacha COVID chun Oibreacha Tógála Caipitil a dhéanamh**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Deontas Mionoibreacha COVID a chaitheamh ar Oibreacha Tógála Caipitil | DR | 3941 | Mionoibreacha COVID: Costas Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| An deontas a caitheadh a aistriú chuig Caipiteal agus Cúlchistí | DR | 2169 | Mionoibreacha COVID Deontas gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3905 | Ioncam ó Dheontas Caipitil Mionoibreacha COVID<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

**2.3 Aistriú chuig an gCuntas Ciste Talún/Foirgnimh**

An bhliain tar éis don tionscadal foirgnimh caipitil a bheith críochnaithe, ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig cuntas an chiste talún/foirgnimh.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Na ranníocaíochtaí faoi chomhair chostas an tionscadail caipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Foirgnimh | DR | 3905 | Ioncam ó Dheontas Caipitil Mionoibreacha COVID<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Costas an tionscadail foirgnimh caipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Foirgnimh | DR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3941 | Mionoibreacha Covid Costas Foirgnimh<br>Sócmhainn Reatha |

## 2.4 Cuntas ar iarmhéid an deontais nár caitheadh

Is deontas imfhálaithe é an Deontas Mionoibreacha Covid agus caithfear an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air i gcód ainmniúil 2169 Deontas Mionoibreacha Covid nár Caitheadh.